Stocmhargaí an Domhain

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoin ardú atá tagtha ar luach scaireanna ar stocmhargaí an domhain. Sula bhféachann tú ar an tuairisc, déan iarracht an Ghaeilge a aimsiú do na míreanna Béarla seo a leanas:

Value: _____

Shares: _____

Stock markets: _____

Crisis: _____

Zone: _____

Debt Crisis: _____

Stable: _____

Fiscal Agreement: _____

Summit Meeting: _____

Warning: _____

Union: _____

Integration: _____

Economy: _____

Reluctance: _____

Threat: _____

Bonds: _____

Recession: _____

International Monetary Fund: _____

Viable: _____

Agency: _____

Ceist 2 Cuir do chuid freagraí i gcomparáid le freagraí an duine in aice leat. Ansin éist leis an mír agus féach an raibh an ceart agaibh.

Ceist 3 Déan iarracht na ceisteanna seo a fhreagairt:

1. Cén foláireamh a thug an OECD?
2. Cén aidhm atá ag an nGearmáin do na tíortha is seasmhaí?
3. Tá dhá mholadh ag Ciarán Ó hÓgartaigh chun an fhadhb a réiteach. Cad iad?
4. Cad í tuairim an ghníomhaireacht rátála creidmheasa *Moody's*?
5. Cad a shéan an Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta?

Ceist 4 Cloistear roinnt leaganacha cainte sa sliocht. An dtuigeann tú a mbrí? Mínigh as Gaeilge iad más féidir.

Idir an dá linn

Anuas ar an donas

idir dhá cheann na meá

ar na bacáin

Ceist 5 Cloistear *níos seasmhaí* sa sliocht. Seo breischéim na haidiachta. Déan iarracht breischéim na haidiachta a aimsiú sna cásanna seo a leanas:

- maith _____
- gearr _____
- breá _____
- daor _____
- fliuch _____
- deas _____
- mór _____
- fuar _____
- furasta _____
- deacair _____
- beag _____
- te _____
- álainn _____
- suimiúil _____
- olc _____

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

An bhfuil suim agat féin sa pholaitíocht?

An bhfuil ag éirí níos fear leis an rialtas atá i gcumhacht faoi láthair ná an rialtas a d'imigh rompu?

An botún a bhí ann san athrú a rinne an tír seo ón bpunt go dtí an euro?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1 agus 2

Value: **Luach**

Shares: **Scaireanna**

Stock markets: **Stocmhargaí**

Crisis: **Géarchéim**

Zone: **Limistéar**

Debt Crisis: **Géarchéim Fiachais**

Stable: **Seasmhach**

Fiscal Agreement: **Comhaontas Fioscach**

Summit Meeting: **Cruinniú Mullaigh**

Warning: **Foláireamh**

Union: **Aontas**

Integration: **Comhtháthú**

Economy: **Geilleagar**

Reluctance: **Drogall**

Threat: **Bagairt**

Bonds: **Bannaí**

Recession: **Cúlú Eacnamaíochta**

International Monetary Fund: **An Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta**

Viable: **Inmharthana**

Agency: **Gníomhaireacht**

Ceist 3 1**.**Thug an OECD foláireamh go bhféadfadh cúlú eacnamaíochta eile a bheith in ndán don limistéar.

2. Aontas a bhunú a ligfeadh dóibh bainistiú agus comhtháthú níos doimhne a dhéanamh ar gheilleagar an limistéir.

3. D'fhéadfadh siad thar oíche, na bannaí, na fiacha a cheannach ón Iodáil nó ón bhFrainc nó muid féin agus d'fhéadfadh siad freisin airgead a phriontáil, euro a phriontáil mar a dhéanann siad i Meiriceá agus sa Bhreatain.

4. Go bhfuil todhchaí an euro idir dhá cheann na meá agus go raibh bagairt ann, fiú do na tíortha is láidre sa limistéar.

5. Go raibh siad ag fáil iasachta sé chéad billiún euro don Iodáil chun cabhrú leis an tír sin an buiséad a chothromú laistigh de dhá bhliain.

Ceist 4 Idir an dá linn: **idir seo agus sin, go dtí sin**

Anuas ar an donas: **chun cúrsaí a dhéanamh níos measa**

idir dhá cheann na meá: **d 'fhéadfadh sé dul bealach amháin nó bealach eile**

ar na bacáin: **á phleanáil nó ag teacht**

Ceist 5

maith	**níos fearr**
gearr	**níos giorra**
breá	**níos breátha**
daor	**níos daoire**
fliuch	**níos fliche**
deas	**níos deise**
mór	**níos mó**
fuar	**níos fuaire**
furasta	**níos fusa**
deacair	**níos deacra**
beag	**níos lú**
te	**níos teo**
álainn	**níos áille**
suimiúil	**níos suimiúla**
olc	**níos measa**

Ceist 6
Abair leis na foghlaimeoirí na ceisteanna a phlé ina mbeirteanna nó i ngrúpaí.

Éimear Ní Chonaola

Tháinig ardú ar luach scaireanna ar stocmhargaí an domhain inniu agus súil le réiteach ar an ngéarchéim i limistéar an euro. Tuairiscítear go bhfuil an Fhrainc agus an Ghearmáin ag dul i dtreo comhaontas fioscach roimh chruinniú mullaigh na míosa seo chugainn. Idir an dá linn, thug an OECD foláireamh inniu go bhféadfadh cúlú eacnamaíochta a bheith i ndán don limistéar de bharr na géarchéime.

Micheál Ó Leidhin

Tháinig stocmhargaí chucu féin inniu agus tuairiscí ann go raibh an Ghearmáin agus an Fhrainc ag tabhairt aghaidh ar deireadh, chun an ghéarchéim fiachais a réiteach. Tuigtear go bhfuiltear ag iarraidh go mbunóidh na tíortha is seasmhaí i limistéar an euro aontas a ligfeadh dóibh bainistiú agus comhtháthú níos doimhne a dhéanamh ar gheilleagar an limistéir. Creideann go leor ballstát go luíonn an réiteach sa Bhanc Ceannais Eorpach in ainneoin dhrogall na Gearmáine.

An tOllamh Ciarán Ó hÓgartaigh, Ceann Scoile, Scoil Gnó Smurfit, UCD

D'fhéadfadh siad thar oíche, na bannaí, na fiacha a cheannach ón Iodáil nó ón bhFrainc nó muid féin agus d'fhéadfadh siad freisin airgead a phriontáil, euro a phriontáil mar a dhéanann siad i Meiriceá agus sa Bhreatain: *Quantitative Easing* mar a thug siad air. Sin dhá bhealach chun an fhadhb a shocrú ach ceapaim féin go bhfuil siad ag fanacht go mbeidh na fadhbanna níos bunúsaí socraithe go ndéanfaidh siad an socrú sin.

Micheál Ó Leidhin

Anuas ar an donas, dúirt an ghníomhaireacht rátála creidmheasa *Moody's* go raibh todhchaí an euro idir dhá cheann na meá agus go raibh bagairt ann, fiú do na tíortha is láidre sa limistéar.

Agus dúirt an OECD go bhféadfadh cúlú eacnamaíochta eile a bheith ar na bacáin de bharr na géarchéime.

Chomh maith leis sin, bhí ar an gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta tuairiscí a shéanadh inniu go raibh siad ag fáil iasachta sé chéad billiún euro don Iodáil chun cabhrú leis an tír sin an buiséad a chothromú laistigh de dhá bhliain. Bhí ar an tír inniu 7.2% a íoc ar bhannaí dhá bhliain déag, costas a mheastar atá ró-ard le bheith inmharthana.

Micheál Ó Leidhin

Nuacht TG4